RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/403 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Feabhra 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a mhéid a bhaineann le faisnéis a sholáthar le haghaidh dearbhuithe iontrála achomair agus anailís riosca chun críocha slándála agus sábháilteachta ar iontráil earraí, agus an Úcráin a chur leis an liosta tíortha sna gealltanais ón ráthóir maidir le hearraí faoi bhealach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 17, an chéad mhír, Airteagal 50(1), an chéad fhomhír, Airteagal 100(1) agus Airteagal 132, an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Léirítear le cur chun feidhme praiticiúil Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ("an Cód") in éineacht le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([2]) go bhfuil gá le roinnt leasuithe ar an Rialachán Cur Chun Feidhme sin chun é a chur in oiriúint níos fearr do riachtanais na n-oibreoirí eacnamaíocha agus na n-údarás custaim agus chun na forbairtí maidir le himscaradh eisiúintí 2 agus 3 den Chóras Rialaithe Allmhairí (ICS2) a chur san áireamh.

(2) Le hAirteagal 36 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 déantar foráil maidir le húsáid an Chórais Bainistithe Riosca Custaim chun faisnéis a bhaineann le rioscaí a mhalartú idir údaráis chustaim na mBallstát agus an Coimisiún, agus idir údaráis chustaim, agus déantar foráil maidir le faisnéis den sórt sin a stóráil. Tar éis imscaradh na hanailísíochta slándála agus sábháilteachta in ICS2, is gá leasú a dhéanamh ar an Airteagal sin chun a chur ar a gcumas do na Ballstáit agus don Choimisiún faisnéis shonrach a mhalartú, faisnéis is gá chun críocha anailíse riosca réamhtheachta maidir le slándáil agus sábháilteacht trí bhíthin ICS2.

(3) Le hAirteagal 184 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, déantar foráil maidir le duine eile seachas an t-iompróir a bheith ag cur sonraí an dearbhaithe iontrála achomair faoi bhráid na n-údarás custaim. Ón dáta a leagtar amach i gCuid II den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún ([3]) le haghaidh imscaradh eisiúint 2 de ICS2, maidir le cur isteach na ndearbhuithe iontrála achomair trí chóras ICS2 le haghaidh earraí a thagann isteach ar chríoch chustaim an Aontais d'aer, tá sé le bheith éigeantach. Ba cheart gur gá, dá bhrí sin, oibleagáid a chur ar an iompróir na húdaráis chustaim a chur ar an eolas nuair nach soláthraíonn oibreoir poist tríú tír na sonraí is gá le haghaidh an dearbhaithe iontrála achomair.

(4) Ón dáta a leagtar amach i gCuid II den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún le haghaidh imscaradh eisiúint 3 de ICS2, maidir le cur isteach na ndearbhuithe iontrála achomair trí chóras ICS2 le haghaidh earraí a thagann isteach ar chríoch chustaim an Aontais d'aer, tá sé le bheith éigeantach. Ba cheart, dá bhrí sin, gur gá oibleagáid a chur ar an iompróir na húdaráis custaim a chur ar an eolas mura soláthraíonn aon duine a eisíonn nóta coinsíneachta le haghaidh earraí a thagann isteach ar chríoch chustaim an Aontais d'iarnród, mura soláthraíonn sé na sonraí is gá le haghaidh an dearbhaithe iontrála achomair, agus oibleagáid a chur ar an duine a eisíonn an nóta coinsíneachta na páirtithe eile i gconradh iompair an nóta coinsíneachta sin a chur ar an eolas. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 184 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2019 lena mbunaítear an clár oibre maidir leis na córais leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a imscaradh (IO L 325, 16.12.2019, lch. 168).

(5) Is gá Iarscríbhinní 32-01, 32-02 agus 32-03 agus Cuid II, Caibidlí VI agus VII d'Iarscríbhinn 72-04 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a ailíniú leis an gCoinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach ([4]) chun aontú na hÚcráine don Choinbhinsiún sin a chur san áireamh, i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 3/2022 ó Chomhchoiste AE-CTC ([5]). Chun an stoc atá ann d'fhoirmeacha gealltanais ráthóra a úsáid áfach, na foirmeacha samplacha a leagtar síos in Iarscríbhinní 32-01, 32-02 agus 32-03 agus atá fós bailí an lá roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart feidhm a bheith leis na foirmeacha sin go dtí an 1 Aibreán 2024, faoi réir na n-oiriúnuithe geografacha a cheanglaítear i bpointe 1 de na hIarscríbhinní sin agus lua an ainm agus an tseolta le haghaidh sheirbhís an ghníomhaire údaraithe san Úcráin a cheanglaítear i bpointe 4 de na hIarscríbhinní sin.

(6) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú dá réir sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 mar a leanas:

(1) in Airteagal 36, cuirtear mír 3 a leanas leis:

"3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, úsáidfear an córas dá dtagraítear in Airteagal 182(1) freisin chun faisnéis shonrach riosca a bhaineann le dearbhuithe iontrála achomair a mhalartú, a phróiseáil agus a stóráil.";

(2) leasaítear Airteagal 184 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Ón dáta a leagtar amach i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 chun eisiúint 2 den chóras leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 182(1) den Rialachán seo a imscaradh, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 113a(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, soláthróidh an t-iompróir i sonraí an dearbhaithe iontrála achomair, céannacht an oibreora poist, an oibreora poist tríú páirtí nó an mhear-iompróra nach gcuireann na sonraí is gá le haghaidh an dearbhaithe iontrála achomair ar fáil dó.";

(b) cuirtear míreanna 6 agus 7 a leanas leis:

"6. Ón dáta a leagtar amach i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 chun eisiúint 3 den chóras leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 182(1) den Rialachán seo a imscaradh, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 112a(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, soláthróidh an t-iompróir agus aon duine a eisíonn nóta coinsíneachta i sonraí an dearbhaithe iontrála achomair, céannacht aon duine a thug conradh iompair i gcrích leis mar aon leis na sonraí is gá le haghaidh an dearbhaithe iontrála achomair.

7. Ón dáta a leagtar amach i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 chun eisiúint 3 den chóras leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 182(1) den Rialachán seo a imscaradh, sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 112a(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446, cuirfidh an duine a eisíonn an nóta coinsíneachta, cuirfidh sé an duine a thug an conradh iompair i gcrích leis ar an eolas gur eisigh sé an nóta coinsíneachta.

I gcás socrú comhluchtaithe earraí, cuirfidh an duine a eisíonn an nóta coinsíneachta an duine lena ndearna sé an comhaontú sin ar an eolas gur eisíodh an nóta coinsíneachta sin.";

([4]) An Coinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach an 20 Bealtaine 1987 (IO L 226, 13.8.1987, lch. 2).
([5]) Cinneadh Uimh. 3/2022 ó Chomhchoiste AE-CTC an 29 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Coinbhinsiún an 20 Bealtaine 1987 maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach [2022/1983] (IO L 272, 20.10.2022, lch. 36).

(3) i gCuid I (Gealltanas ón ráthóir) d'Iarscríbhinn 32-01, leasaítear pointe 1 mar a leanas:

(a) Cuirtear na focail "an Úcráin," isteach tar éis an téacs "Poblacht na Tuirce";

(b) aistrítear fonóta (3), atá tar éis an téacs "Poblacht na Tuirce" go dtí tar éis "Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann";

(4) i gCuid I (Gealltanas ón ráthóir), pointe 1, d'Iarscríbhinn 32-02, cuirtear na focail "an Úcráin," isteach tar éis an téacs "Poblacht na Tuirce";

(5) i gCuid I (Gealltanas ón ráthóir) d'Iarscríbhinn 32-03, leasaítear pointe 1 mar a leanas:

(a) Cuirtear na focail "an Úcráin," isteach tar éis an téacs "Poblacht na Tuirce";

(b) aistrítear fonóta (3), atá tar éis an téacs "Poblacht na Tuirce" go dtí tar éis "Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann";

(6) i gCuid II, Caibidil VI (Deimhniú cuimsitheach ráthaíochta) (TC 31 Deimhniú cuimsitheach ráthaíochta) (Tosach), pointe 7, d'Iarscríbhinn 72-04, cuirtear na focail "an Úcráin" isteach tar éis an téacs "an Tuirc";

(7) i gCuid II, Caibidil VII (Deimhniú tarscaoilte ráthaíochta) (TC 33 Deimhniú tarscaoilte ráthaíochta) (Tosach), pointe 6, d'Iarscríbhinn 72-04, cuirtear na focail "an Úcráin" isteach tar éis an téacs "an Tuirc".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (3), (4) agus (5), agus ag an tríú mír den Airteagal seo áfach ón dáta a aontaíonn an Úcráin don Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann maidir le hearraí faoi bhealach.

Na foirmeacha a bhunaítear ar na foirmeacha samplacha in Iarscríbhinn 32-01, Iarscríbhinn 32-02, Iarscríbhinn 32-03 agus Cuid II, Caibidil VI agus Caibidil VII d'Iarscríbhinn 72-04 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, sa leagan is infheidhme an lá sula dtagann an Rialachán seo i bhfeidhm, féadfar leanúint dá n-úsáid, faoi réir na n-oiriúnuithe geografacha is gá agus lua an tseolta le haghaidh seirbhíse agus ainm an ghníomhaire údaraithe, go dtí an 1 Aibreán 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN